Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

**Polasaí Measúnaithe Ioncaim ar Shocruithe Ceannaigh Tí Inacmhainne**
**V1 20/04/2022**

## 1. Cúlra agus Cuspóir Polasaí Measúnaithe Ioncaim ar Shocruithe Ceannaigh Tí Inacmhainne

Leagtar amach sa pholasaí seo, arna eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an bealach ina ndéanfaidh údaráis tithíochta measúnú ar ioncam iarratasóirí chun críche incháilitheacht do shocrú ceannaigh teaghaise incheannaithe a chinneadh faoi alt 10 d'Acht um Thithíocht Inacmhainne 2021 agus Rialachán 2 de na Rialacháin um Thithíocht Inacmhainne 2022.

## 2. Is ollioncam é an t-ioncam measúnaithe

Tá an cinneadh an gcomhlíonann iarratasóir ana critéir ioncaim i Rialachán 2(1) de na Rialacháin um Thithíocht Inacmhainne 2022 bunaithe ar ríomh ar mheán-ollioncam 12 mhí roimhe sin roimh dháta faighte an iarratais. Déanfar measúnú ar ioncam na ndaoine go léir a dhéanfaidh an t-iarratas.

## 3. Ioncam is inmheasúnaithe agus iarratais ar shocruithe ceannaigh teaghaise incheannaithe á mbreithniú

Faoi réir alt 4, tá na hioncaim seo a leanas inmheasúnaithe chun críocha incháilitheachta do shocruithe ceannaigh teaghaise incheannaithe a mheasúnú:

(a) ioncam ó fhostaíocht lena n-áirítear íocaíochtaí ragoibre, bónais agus coimisiúin, a bheidh inmheasúnaithe mar seo a leanas:

(i) Ragobair: teoranta go ginearálta d'uasmhéid 10% den bhunioncam, ach féadfar ragobair rialta a chur san áireamh;

(ii) Bónas: teoranta d'uasmhéid 10% den bhunioncam;

(iii) Coimisiún: teoranta d'uasmhéid 30% den bhunioncam, i gcás inarb infheidhme;

(b) ioncam ó fhéinfhostaíocht;

(c) íocaíochtaí cothabhála faighte;

(d) ioncam ó réadmhaoine cíosa, díbhinní, infheistíochtaí caipitil agus foinsí eile ioncaim dá samhail;

(e) pinsin ghairme agus leasa shóisialaigh, ó cibé foinse, lena n-áirítear foinsí thar lear;

(f) cé is moite de na híocaíochtaí sonracha atá liostaithe i alt 4 a dtugtar neamhaird orthu, gach ioncam ó íocaíochtaí árachais shóisialaigh agus cabhair shóisialaigh liúntais agus sochair, lena n-áirítear an Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht.

Tá fo-alt (c) agus ioncam ó réadmhaoin ar cíos, a luaitear i bhfomhír (d), faoi réir cibé coinníollacha nó critéir a leagfar amach i dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## 4. Ioncam nach bhfuil inmheasúnaithe

Agus ioncam iarratasóirí á mheasúnú chun críocha an bheartais seo, féadfaidh údarás tithíochta cinneadh a dhéanamh neamhaird a dhéanamh d'ioncam atá aonuaire, sealadach nó gearrthéarmach agus atá lasmuigh de phatrún rialta ioncam bliantúil duine.

Déanfar neamhaird, i ngach cás, ar ioncam ó na foinsí seo a leanas chun ioncam a mheasúnú:

(a) Íocaíochtaí ag an Roinn Coimirce Sóisialaí faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh faoi réir na rudaí seo a leanas:

(i) Sochar Linbh;

(ii) Íocaíochtaí Caomhnóra (Ranníocach);

(iii) Íocaíochtaí Caomhnóra (Neamhranníocach);

(iv) Liúntas do Chúramóirí, ráta iomlán nó leath-ráta;

(v) Sochar do Chúramóirí;

(vi) Liúntas Cúraim Baile;

(vii) Liúntas Freastail Seasta;

(viii) Liúntas Gaolta Forordaithe;

(ix) Liúntas Leictreachais nó Gáis;

(x) Liúntas Breosla;

(xi) Liúntas Theileafóin;

(xii) Méadú do Mhaireachtáil ar Oileán Sonraithe;

(xiii) Liúntas Maireachtála Aonair;

(xiv) Forlíon Cothaithe;

(xv) Íocaíochtaí faoin Scéim Cúraim Leighis;

(xvi) Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair;

(xvii) Sochar Míthreorach/Pinsean;

(xviii) Íocaíochta aonuaire nó íocaíochtaí neamhrialta, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, Deontas Tacaíochta do Chúramóirí (ar a dtugtaí Deontas Cúraim Faoisimh roimhe seo), Deontas Tacaíochta Oiliúna, Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil, Íocaíocht ar Riachtanas Eisceachtúla, Íocaíocht Riachtanas Práinneach, Scéim Chúnaimh Dhaonnúil, Deontas Sochraide;

(b) an méid ioncaim de bhreis ar an ráta Leasa Forlíontach a fuarthas ó scéimeanna fostaíochta pobail lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas:

(i) an Clár Fostaíochta Pobail;

(ii) an Clár Seirbhísí Pobail;

(iii) Tairseach;

(iv) an Scéim Fostaíochta don Aos Óg;

(v) an Scéim Shóisialta na Tuaithe (RSS);

(vi) Tús;

(c) an méid ioncaim de bhreis ar an ráta Leasa Forlíontach a fuarthas mar íocaíochtaí uathu seo a leanas:

(i) an Roinn Coimirce Sóisialaí;

(ii) an Roinn Oideachais;

(iii) an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta;

(iv) aon Roinn Rialtais nó gníomhaireacht stáit maidir le cúrsa oideachais nó oiliúna;

(d) Íocaíochtaí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i leith na rudaí seo a leanas:

(i) Liúntas Altramaithe;

(ii) Liúntas Leasa na nDall;

(iii) Liúntas Luaineachta;

(e) Íocaíochtaí ón Roinn Oideachais, nó faoi scéimeanna arna maoiniú ag an Roinn sin, i leith na rudaí seo a leanas:

(i) Scéimeanna deontas an mhic léinn;

(ii) Scéim Teagasc Baile;

(iii) Liúntas oiliúna Ógtheagmháil;

(f) Íocaíochtaí a fuarthas mar liúntas oiliúna le linn do chúrsa oiliúna athshlánúcháin a bheith á dhéanamh ag eagraíocht atá ceadaithe ag an Aire Sláinte;

(g) Íocaíochtaí ó eagraíochtaí Carthanúla, ar comhlachtaí iad a sheoltar a ngníomhaíochtaí ar bhealach eile seachas ar mhaithe le brabús (ach gan aon údarás áitiúil nó údarás poiblí eile a áireamh) agus ar ceann dá bhfeidhmeanna cabhrú le daoine atá i ngátar trí airgead a dheonú dóibh;

(h) Íocaíochtaí a fhreagraíonn do Shochar Linbh arna ndéanamh ag –

(i) Ballstát, seachas an Stát, nó

(ii) an Ríocht Aontaithe (faoi shocruithe Comhlimistéar Taistil);

(i) Scoláireachtaí i leith freastal ar chúrsaí ceadaithe arna soláthar ag forais cheadaithe, de réir bhrí ailt 7 agus 8 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 (Uimh. 4 de 2011), faoi seach.